

Aguisín 1

Achoimre ar insint Mhíchíl Bhreathnaigh ar an scéal iontais 'Seán a' Droma'

Seo a leanas achoimre ar phríomheachtraí an scéil 'Seán a' Droma', a scríobh Seán Mac Giollarnáth ó bhéalaithris an scéalaí Mícheál Breathnach i dteach na cúirte ar an Mhám, Co. na Gaillimhe ar an 28 Feabhra, 1934:

Liostálann Seán, mac baintrí, san arm. Tréigean Seán a phost oíche amháin agus cuireann sé iallach ar an sáirsint agus ar an oifigeach atá os a chionn dul ar a dteitheadh ón arm, mar go bhfuil an bás i ndán dóibh má fhilleann siad.

Castar an triúr isteach i gcaisleán draíochtach agus cuireann lámh gan cholainn bia agus deoch ar fáil dóibh. Tagann fear beag amach as an luath agus téann sé i mbun comhraic leis an triúr fear, ach faigheann Seán an bua air. Deir fear na luatha gur mac rí é atá faoi gheasa ag fathaigh an Domhain Thíos. D'fhuadaigh na fathaigh triúr deirfiúracha an fhir seo agus níl i ndán dóibh éalú go dtí go marófar na fathaigh.

Déanann an t-oifigeach agus an sáirsint iarracht dul go dtí an Domhan Thíos, ach filleann siad le teann eagla. Téann Seán síos ann gan scáth gan eagla. Sa Domhan Thíos, bíonn comhrac idir Seán agus na fathaigh ach buann Seán orthu. Cuireann sé an triúr ógbhan in airde chuig an oifigeach agus an sáirsint, ach tógann siadsan na mná agus fágann siad Seán in áit na leathphingine.

Toilíonn iolar draíochtach Seán a thabhairt slán ón Domhan Thíos, ach ní mór do Sheán trí bhó a aimsiú ionas go mbeidh ar chumas an iolair an t-aistear a dhéanamh. Téann Seán ar aimsir le rí sa Domhan Thíos chun na ba a shaothrú. Tá cogadh uafásach san áit le seacht mbliana agus bíonn an bua ag fir an rí gach lá, ach déanann Cailleach a' Leasa saighdiúirí an namhad a athbheochan gach oíche trí íocshláinte a chuimilt orthu.

Maraíonn Seán Cailleach a' Leasa, ansin ionsaíonn Cat na hUamhnach é. Titeann Seán agus Cat na hUamhnach marbh tar éis dóibh an croí agus na scamhóga a strócadh as colainn a chéile. Cuireann fir

an rí an croí agus na scamhóga ar ais i gcolainn Sheáin agus déanann siad íocshláinte a chuimilt air. Éiríonn Seán ó na mairbh ach is léir gur tugadh croí agus scamhóga an chait dó nuair a théann sé sa tóir ar luch.

Saothraíonn Seán trí bhó ón Rí agus tugann an t-iolar abhaile é. Buaileann tuirse an t-iolar le linn an aistir agus ní mór do Sheán píosa dá cholpa a ghearradh agus a thabhairt don iolar le hithe. Filleann sé ansin ar an áit ar fhág sé a chomrádaithe. Pósann Seán an bhean is óige de dheirfiúracha fhear na luatha agus bronnann sé bean an duine ar an bheirt eile, ansin filleann sé ar a mháthair (Breathnach in Mac Giollarnáth 1934: 414-423; Mac Giollarnáth 1933-1935).